

GAELTRAIL



this project has been supported and funded by



INTERNATIONAL
FUND FOR IRELAND

Clár Ábhar

Intreoir	3
Aonad 1: Ón Tús	4
An Fhoghlaim Cheangailte	5
Réamhghníomhaíocht	6
Réamhghníomhaíocht Theimpléadach	8
Fíor nó Bréagach	9
Gníomhaíocht 1 - Buail liom agus teagasc dom – na Ceiltigh	10
Gníomhaíocht 2 - Na Ceiltigh a Leanúint	12
Gníomhaíocht 3 - Ceannlínte	14
Gníomhaíocht 4 - Cluiche Cuimhe	15
Gníomhaíocht 5 - Greanadh na gCód Ceilteach	16
Gníomhaíocht 6 - Samhlaigh é	18
Gníomhaíocht 7 - Ealaín Cheilteach	19
Gníomhaíocht 8 - Tá Aibitir Nua Againn	20
Gníomhaíocht 9 - Amlíne Taistealaí	21
Réamhghníomhaíocht theimpléadach - The Irish Language	22
Aonad 2: An Ghaeilge ag Gluaiseacht	23
An Fhoghlaim Cheangailte	25
Naomh Colm Cille	26
Gníomhaíocht 1 - Seolta in Airde	27
Gníomhaíocht 2 - Ar lorg Bhréanainn	29
Gníomhaíocht 3 - Líne Fiosrúcháin d’Imircigh	34
Aonad 3: Guth Mórthimpeall Orainn	35
An Fhoghlaim Cheangailte	36
Bunús na Logainmneacha	37
Gníomhaíocht 1 - Cad is ainm ann? Áit	38
Gníomhaíocht 2 - Cad is ainm ann? Sloinnté	40
Crann Teaghlaigh	41
Gníomhaíocht 3 - Fionn agus an Béaloideas	42
Gníomhaíocht 4 - Roimhe & ina Dhiaidh	42
Gníomhaíocht 5 - Cad é eile a chomhroineann muid?	43



Intreoir

Dearadh an tAonad Téamach ar mhaithe lena chur ar chumas daltaí ag Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3 bunús, leathnú agus forbairt na Gaeilge agus an éifeacht atá aici a thuiscint. Táthar ag súil go bhfaighidh daltaí tuiscint ar an teanga agus léirithuiscint di mar chuid d'Oidhreacht chomhroinnte ár bpobal trí pháirt a ghlacadh sna himeachtaí a mholtar.

Ní féidir tréimhse ama atá chomh héagsúil sin agus chomh fada sin a chlúdach go mion. Ina áit sin cuidíonn na trí aonad leis na daltaí peirspictíocht, eolas agus tuiscint a fháil ar an teanga trí chur chuige atá bunaithe ar scileanna agus ar fhiosrú. Tá fianaise ar úsáid fianaise sna gníomhaíochtaí pleanáilte.

Aonad a hAon

Amharcaidh na páistí ar bhunús, fréamhacha agus leathadh na teanga ársa tríd an Bhreatain chuig áiteanna ar léir a tionchar inniu iontu. Amharcaidh siad ar fhianaise is luaithe den teanga agus bainfidh siad úsáid as aibítreacha agus lámhscríbhinní luatha mar fhoinsí le cur lena gcuid foghlama.

Aonad a Dó

Cuardóidh na páistí fianaise ar an dóigh ar leathnaíodh an Ghaeilge i bhfad i gcéin agus imscrúdóidh siad iad siúd a bhí freagrach as “an Ghaeilge ag gluaiseacht”.

Aonad a Trí

Déanfaidh na páistí taighde ar shloinnte agus ar logainmneacha agus amharcaidh siad ar an dóigh a bhfuil rian de Ghaeilge an ama atá thart le feiceáil iontu. Foghlaimeoidh siad cé chomh héasca agus atá sé teacht ar an Ghaeilge ina gceantar féin mar chuid dár n-oidhreacht chultúrtha shaibhir chomhroinnte.

Comhlíonann an obair taobh istigh de na haonaid cuid mhór den cheanglas reachtúil faoi choinne An Domhan Thart Orainn (**WAU**), Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (**PDMU**) agus na Dána. Moltar cuspóirí foghlama i dtaobh na bpointí foghlama fócais ar gné iad i gcónaí de scéal na Gaeilge.

Léirítear Foghlaim Cheangailte ag tús gach aonaid. Léirítear fosta na hEochaircheistanna atá mar bhonn agus mar thaca leis an phríomhfhoghlaim. **Cuirfidh an téama** na daltaí ag plé le réimse leathan gníomhaíochtaí a dearadh ar mhaithe lena chinntiú go n úsáidfear, go bhforbrófar, go gcleachtfar agus go gcuirfear i bhfeidhm na Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta uilig, taobh leis na Scileanna Bunchuraclaim uilig ó Eochairchéim 2 (agus **Eochairchéim 3**).

San ait a meastar gá a bheith leis, cuirtear eolas breise ar fáil do mhúinteoirí le go mbeadh siad abálta an fhoghlaim a éascú agus a threorú ar dhóigh níos fearr.

EOCHAIR NA NDEILBHÍNÍ



GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

Comharthaíonn an deilbhín seo gníomhaíocht roghnach agus ábhar breise.



ACMHAINN AR LÍNE

Comharthaíonn an deilbhín seo acmhainn ar líne a thacaíonn leis an ábhar.



EOLAS DON MHÚINTEOIR

Comharthaíonn an deilbhín seo nótaí múinteora a thacaíonn le hábhar an aonaid.



ULCABHÁN AN EOLAIS

Comharthaíonn an deilbhín seo míniú breise ar an abhar i gceist.

AONAD A HAON - ÓN TÚS?

SAMPLA DE NA CUSPÓIRÍ FOGHLAMA MOLTA:

Bainfidh na páistí an méid seo amach:

- Tuigfidh siad cá as ar tháinig an focal “Ceilteach”
- Tuigfidh siad cá as ar tháinig an Ghaeilge féin
- Tuigfidh siad an dóigh ar athraigh an teanga le himeacht ama
- Tuigfidh siad an dóigh a raibh tionchar ag teangacha eile ar an Ghaeilge
- Beidh siad ábalta na háiteanna inar labhraíodh na teangacha Ceilteacha agus na háiteanna ina labhraítear go fóill iad a aithint.
- Beidh a fhios acu cad é mar a tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn.
- Beidh siad ábalta plé a dhéanamh ar an dóigh ar leathnaigh na luath Chríostaithe an Ghaeilge
- Beidh siad ábalta eolas a chur in ord faoi fhorbairt na Gaeilge i gcaitheamh na gcéadta.
- Beidh siad ábalta léarscáileanna a úsáid agus áiteanna a bhaineann lena gcuid staidéir ar an Ghaeilge a aimsiú.

Eochaircheisteanna

- Cad é a chiallaíonn an focal “Ceilteach”?
- Cá huair a labhraíodh an Ghaeilge ar dtús?
- Cén dóigh ar leathnaíodh an teanga óna háit dhúchais?
- Cé a leathnaigh an Ghaeilge?
- Cé na teangacha eile a raibh tionchar acu ar an Ghaeilge?
- Cá háit eile ar domhan a bhfuil fianaise againn ar an Ghaeilge?
- Cad é a chiallaíonn an focal “Ceilteach” dúinn anois agus staidéar déanta againn ar bhunús na Gaeilge?
- Cérbh iad na Lochlannaigh? Cén dóigh a raibh tionchar acu ar an Ghaeilge?
- Cérbh iad na hAngla Normannaigh? Cén dóigh a raibh tionchar acu ar an Ghaeilge?
- Cé na focail iasachta atá againn sa Ghaeilge ón Laidin?

AN FHOGHLAIM CHEANGAILTE AGUS NAISC LE CURACLAM THUAISCEART ÉIREANN

WAU

- An dóigh a n idirghníomhaíonn siad féin agus daoine eile leis an domhan
- Idirspeáchas daoine agus timpeallacht agus an dóigh ar cuireadh luas faoi seo le himeacht ama mar gheall ar dhul chun cinn i gcúrsaí iompair agus cumarsáide
- An tionchar atá ag an áit ar nádúr an tsaoil
- An t-athrú ar áiteanna le himeacht ama
- Éifeachtaí dearfacha agus diúltacha a bhíonn ag eachtraí nádúrtha agus eachtraí an duine ar áit le himeacht ama
- An fáth a mbíonn éifeacht acu ar ghluaiseacht daoine agus ainmhithe
- Larmhairtí dearfacha agus diúltacha a bhaineann le gluaiseacht agus an éifeacht atá aici seo ar dhaoine, áiteanna agus idirspeáchas
- An dóigh ar gné den domhan daonna agus nádúrtha iad athruithe agus an dógh a mbíonn iarmhairtí acu maidir lenár saol agus leis an domhan thart orainn

PDMU

- Luach a chur ar an difríocht agus an éagsúlacht chultúrtha agus iad sin a cheiliúradh

Na Dána

Ealaín agus Dearadh

- Amharc ar, imscrúdú a dhéanamh ar agus freagairt a thabhairt ar thaithí ar an láthair, ar an chuimhne agus ar an tsamhlaíocht
- Amharc ar shaothar ealaíontóirí, dearthóirí agus ceardaithe óna gcultúr féin agus ó chultúir eile agus labhairt fúthu sin; léirthuisicint ar mhodhanna a úsáidtear sna hábhair acmhainne agus an léirthuisicint seo a úsáid le smaointe

pearsanta a spreagadh agus plé le déanamh feasach ealaíne

- Forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar na heilimintí amhairc - dathanna, ton, cruth, foirm, spás, uigeacht agus patrún - lena gcuid smaointe a chur in iúl
- Úsáid a bhaint as réimse meán, uirlisí agus próiseas ar nós: tarraingt, péinteáil, déanamh priontaí, ábhair shomhúnlaithhe, teicstíil agus déanamh 3T, agus an ceann is fóirsteanáí a roghnú le smaointe agus le cuspóirí pearsanta a réadú.

Drámaíocht

- Forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar an domhan trí réimse rólímirítí cruthaitheacha agus samhlaíocha

RÉAMHGHNÍOMHAÍOCHT - CAD É AN BHARÚIL S'AGAM?

Is cuspóir don ghníomhaíocht seo na páistí a chur ag smaoineamh ar an Ghaeilge agus ar an tábhacht a leagann siad féin uirthi. Cuireann sí páistí ag plé faoin dóigh a n-amharcann siad féin ar an teanga agus an dearcadh atá uirthi ina bpobail.

Ba chóir don mhúinteoir an teimpléad soláthraithe a thabhairt do na páistí agus an straitéis Smoainigh-Péireáil-Roinn a úsáid, b'fhéidir, le go mbeadh na páistí ábalta machnamh a dhéanamh ar a gcuid freagraí pearsanta féin ar dtús roimh phéireáil le páirtneir agus ansin, sa deireadh, a gcuid freagraí a roinnt leis an ghrúpa nó leis an rang uilig.

B'fhéidir go mbeadh an múinteoir ag iarraidh íomhánna, réada nó smaointe scríofa fiú a chur ar fáil do na páistí le cuidiú leo sa chuid dheireanach den Ghníomhaíocht. Sa ghníomhaíocht seo iarrtar ar na páistí machnamh ar achan rud a chuireann an Ghaeilge i gcumhne dóibh.

Thiocfadh ábhair a idirdhealaíonn an dá phobal i dTuaisceart Éireann bheith san áireamh anseo, ábhair ar nós:

- Pictiúir de Bhratacha na hÉireann na Breataine nó de bhratacha eile nach iad
- Múrphictiúir
- Íomhánna nó trealamh de chuid cluichí éagsúla ar nós sacar, rugbaí nó cluichí Gaelacha
- Geansaithe peile clubanna ar nós Celtic agus Rangers
- Íomhánna de pharáidí banna

Ní liosta cuimsitheach é seo; tugtar é leis an chineál ábhair arbh fhéidir a úsáid a léiriú. Is é an rud atá i gceist na tuairimí réamhcheaptha agus an steiréitíopáil atá ann faoin Ghaeilge ar an dá thaobh den phobal i dTuaisceart Éireann a fheiceáil ag an tús sula dtugann na páistí faoin fhoghlaim. Is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh arís ag deireadh an Aonaid le forbairt smaointe agus athrú dearcadh i ndiaidh na foghlama a mheas.



Tá cuid mhór i gcoiteann ag culture na hÉireann agus ag culture na hAlba. Tá na cosúlachtaí seo le feiceáil i gceol, i spórt, san fhéiniúlacht chultúrtha agus ina n-eispéiris.



RED BLUE
Orange
GREEN



Réamhghníomhaíocht theimpléadach

Cad é atá ar eolas agam fúithi?

Cad é mo bharúil fá dtaobh di?

Cé a labhraíonn an teanga, dar liom?

Cad é ar mhaith liom fáil amach fá dtaobh di?

Cé na rudaí eile a chuireann an Ghaeilge i gcuimhne duit?





Seo a leanas na ráitis atá fíor

NÓ



Seo a leanas na ráitis atá bréagach

Sa ghníomhaíocht seo foghlaimeoidh na páistí fíricí faoinn Ghaeilge nach bhfuil ar eolas acu go fóill, b'fhéidir. Tá sé simplí: tabharfar sraith ráiteas dóibh agus caithfidh siad na ráitis a shórtáil de réir mar atá siad fíor nó bréagach.

Tugtar na ráitis anseo don mhúinteoir agus rud beag eolais bhunúsaigh mar thacaíocht. Ba chóir don mhúinteoir na ráitis a fhótachóipeáil agus iad a ghearradh suas i bpíosaí aonair eolais agus iad a mheascadh, ansin ligean do na paistí iad a shórtáil.

- | | | | |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------|
| An Ghaeilge is ainm don teanga. | <input type="checkbox"/> | Is iad na Caitlicigh amháin a labhraíonn Gaeilge. | <input type="checkbox"/> |
| Níl aon fhocal ar 'yes' i nGaeilge. | <input type="checkbox"/> | Ní raibh tionchar ag aon teanga eile ar an Ghaeilge. | <input type="checkbox"/> |
| Níl aon fhocal ar 'no' i nGaeilge. | <input type="checkbox"/> | Ní labhraítear Gaeilge i scoileanna i dTuaisceart Éireann. | <input type="checkbox"/> |
| Tháinig an Ghaeilge go hoileán na hÉireann roimh 300 Roimh Chríost. | <input type="checkbox"/> | Níor labhraíodh Gaeilge riamh ach i bPoblacht na hÉireann. | <input type="checkbox"/> |
| Bhí an Gorta Mór (1845-1851) ar cheann de na cúiseanna ba mhó ar stop daoine de bheith ag labhairt Gaeilge. | <input type="checkbox"/> | Níl aon chomhartha bóthair i nGaeilge i dTuaisceart Éireann. | <input type="checkbox"/> |
| Tá taifid scríofa den Ghaeilge ó thréimhse chomh fada siar leis an chuid luath den 5ú hAois. | <input type="checkbox"/> | Níor labhair aon duine Gaeilge le fada an lá. | <input type="checkbox"/> |
| Tagann formhór na logainmneacha, na sráidainmneacha agus ainmneacha na mbailte fearainn i dTuaisceart Éireann ón Ghaeilge. | <input type="checkbox"/> | Níl aon fhocal ar 'Saturday' ná 'Sunday' sa Ghaeilge; níl ach aon fhocal amháin acu ar 'weekend'. | <input type="checkbox"/> |
| Ar feadh na gcéadta bliain ba í an Ghaeilge an t aon teanga amháin a labhraíodh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ... níor labhraíodh teanga ar bith eile! | <input type="checkbox"/> | Is i bPoblacht na hÉireann amháin atá pobal na Gaeilge. | <input type="checkbox"/> |
| Is féidir teacht ar an Ghaeilge i gcuid mhór áiteanna ar an domhan ar nós: Críocha Mheiriceá, an Fhrainc, an Bhreatain Bheag, Albain agus tuilleadh nach iad. | <input type="checkbox"/> | Is sine an Béarla ná an Ghaeilge. | <input type="checkbox"/> |

AONAD A HAON- CÁ HÁIT AR THOSAIGH AN RUD AR FAD?

Gníomhaíocht a hAon

Mar réamhrá do stair na Gaeilge ba chóir don mhúinteoir a mhíniú do na páistí go bhfuil an Ghaeilge mar chuid de ghrúpa teangacha a dtugtar na teangacha Ceilteacha orthu. Thiocfadh leis an mhúinteoir plé gairid a stiúradh ar an fhocal "Ceilteach". Cén dóigh a n úsáideann na páistí an focal inniu, mar shampla? Cad é a chiallaíonn sé dóibh?


GNÍOMHAÍOCHT - BUAIL LIOM AGUS TEAGASC DOM - NA CEILTIGH

Ba chóir don mhúinteoir grúpaí de sheisear (más féidir) a dhéanamh as an rang. B'fhearr an ghníomhaíocht a dhéanamh i halla spóirt nó áit eile mar sin.

Soláthraítear sé chárta agus tugtar cárta amháin do gach páiste sa ghrúpa. Tá píosa eolais faoi na Ceiltigh ar gach cárta.

Iarrtar ar an rang scaipeadh agus an spás sa halla a úsáid. Ba chóir don mhúinteoir a rá do na páistí gluaiseacht go saor timpeall ar an spás. Agus iad ag bualadh le páistí a bhfuil píosa éagsúla eolais acu, ba chóir go roinnfeadh siad a gcuid eolais féin agus éisteacht le heolas na bpáistí eile. Leanann an ghníomhaíocht ar aghaidh agus tugtar an deis do pháistí bualadh lena chéile agus múineadh dá chéile leis na cártaí líon cuí uaireanta.

Agus é seo déanta cuireann an múinteoir na páistí a bhfuil an t eolas céanna acu i ngrúpa le chéile. Tugann an múinteoir an teimpléad seo do na páistí ansin:



**AN MÉID ATÁ AR
EOLAS AGAM ANOIS**

**NÁ CEISTEANNA
ATÁ AGAM**

1

2

3


4


5

Gníomhaíocht a Dó - Na Ceiltigh a Leanúint!



**GNÍOMHAÍOCHT
ROGHNACH**





Le cuidiú leis na páistí a fháil amach cá as ar tháinig na Ceiltigh, ba chóir don mhúinteoir atlas, léarscáileanna, cruinneoga agus rochtain ar an idirlíon a chur ar fáil dóibh.

Ba chóir don mhúinteoir a mhíniú do na páistí gur as Lár na hEorpa a tháinig na Ceiltigh agus ba chóir dóibh na páistí a stiúradh agus iad ag scrúdú léarscáileanna den Eoraip, mar atá aithne againn uirthi, le haithint cad é a thugann muid ar an réigiún seo sa lá atá inniu ann. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh leathanach i roinnt atlas dar teideal "Lár na hEorpa" nó thiocfadh go mbeadh de thoradh ar chuardach ar an idirlíon ainmneacha tíortha áirithe atá i Lár na hEorpa sa lá atá inniu ann.

Ba chóir don mhúinteoir a mhíniú dóibh gurb é seo an réigiún ar tháinig na Ceiltigh as ach nach raibh ann do na tíortha atá againn inniu ag an am sin.

Ansin thiocfadh leis na páistí leathnú na gCeilteach a leanúint agus féachaint ar an dóigh ar thaisteal siad trasna na hEorpa, na Breataine agus na hÉireann.

Thiocfadh na háiteanna a bhfuil tionchar na gCeilteach le feiceáil orthu go dtí an lá inniu a aibhsiú ar na léarscáileanna.

Tír	Teanga
Albain	Gaeilge na hAlban
Oileán Mhanann	An Mhanainnis
An Bhreatain Bheag	An Bhreatnais
Corn na Breataine	An Choirnis
An Bhriotáin	An Bhriotáinis

GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ - CEANNLÍNTE



Thiocfadh deis a thabhairt do na páistí taighde a dhéanamh ar na ruathair iomráiteacha de chuid na gCeilteach, ar nós:

- Creach na Róimhe i 390 BC
- an t ionsaí ar Scrín Dheilfe sa Ghréig i 279 RC.

Thiocfadh na páistí teacht ar thuilleadh mórchreach. Thiocfadh an múinteoir an plé a stiúradh faoin dóigh a dtuairisceofaí na creacha seo sna nuachtáin inniu, ag amharc ar na ceannlínte amháin. Ansin ba chóir am a thabhairt do na páistí ceannlínte a chumadh ó aimsir na gcreach.

Thiocfadh ceannlínte a scríobh ón dá thaobh de na heachtraí. Mar shampla:

*****An Róimh Cloíte ag Creachadóirí Creathnacha Ceilteacha*** ó thaobh na Rómhánach de.
Bua Caithréimeach againn sa Róimh ó thaobh na gCeilteach de.**

Deiseanna an Ghaeilge a úsáid
Má scríobhtar na ceannlínte i mBéarla, is féidir iad a aistriú go Gaeilge.

GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR- CLUCHE CUIMHNE



Ná taispeáin an tOghamchraobh do na páistí go dtí go mbíonn an ghníomhaíocht seo déanta!

Ba chóir don mhúinteoir na páistí a bhriseadh suas ina ngrúpaí don ghníomhaíocht seo. Ansin ba chóir don mhúinteoir cóip den Oghamchraobh a chur áit éigin sa seomra le go mbeidh na páistí ábalta amharc uirthi. Ba chóir don mhúinteoir iarraidh ar gach grúpa teacht agus amharc ar an Oghamchraobh ar feadh 10 soicind nó mar sin. Ansin ba chóir don mhúinteoir an cluiche a mhíniú:

- Tiocfadh na páistí óna ngrúpaí, duine ar dhuine, le hamharc ar an Oghamchraobh.
- Beidh orthu an tOghamchraobh a chur de ghlanmheabhair taobh istigh de thréimhse áirithe ama, b'fhéidir 20-30 soicind.
- Fillfidh siad ar a ngrúpa ansin agus déanfaidh siad iarracht athchuímhneamh ar a bhfaca siad.
- Ba chóir do pháiste eile sa ghrúpa é seo a thaifeadadh ar bhileog mhór.
- Beidh tréimhse áirithe ama socraithe don chuid seo den ghníomhaíocht fosta, b'fhéidir 1 nóiméad amháin.
- Ansin tiocfaidh páiste eile ó gach grúpa agus mar sin de...

Nuair a bhíonn na rialacha soiléir do na páistí, ba chóir don mhúinteoir am a thabhairt dóibh lena bplean agus a straitéis don chluiche a phlé. Ba chóir iad a spreagadh smaoineamh faoin dóigh a gcuifidh siad an tOghamchraobh de ghlanmheabhair agus ba chóir treoircheisteanna a chur orthu... mar shampla; an mbeadh sé ciallmhar iarracht a dhéanamh cuimhneamh ar an Oghamchraobh uilig. Ba chóir don mhúinteoir ligean do na páistí a straitéis féin a bheartú. Déanfaidh an múinteoir maoirseacht ar an ghníomhaíocht, agus coinneofar teorainn ama ar gach cuid di.

Nuair a bhíonn an tOghamchraobh feicthe ag na páistí uilig agus nuair a bhíonn cuimhne acu ar a bpósa féin, ba chóir don mhúinteoir obair gach grúpa a thaispeáint


agus comparáid a dhéanamh idir iad agus an fhóir Oghamchraobh le fáil amach cén grúpa ab fhearr ar éirigh leo. Is maith an deis é seo ligean do na grúpaí a gcuid oibre féin agus aon deacracht a bhí acu leis an tasc a mheas.



Ba chóir don mhúinteoir a mhíniú dóibh gur sampla d'fhianaise stairiúil aibítir ársa ar nós an Oghamchraoibh. Tugann sé leideanna dúinn faoin dóigh ar mhair na daoine san am atá thart agus faoin dóigh a ndearna siad cumarsáid lena chéile, na Ceiltigh sa chás seo.

GNÍOMHAÍOCHT A CÚIG - GREANADH NA GCÓD CEILTEACH

Seo cóip shimplí den Oghamchraobh:



Thiocfadh leis an mhúinteoir plé a stiúradh faoi bhríonna a thiocfadh a bheith ag na hInscríbhinní Oghaim, ó tharla gur ainmneacha a inscríobhadh ar chlocha a bhí sa mhórchuid acu. Thiocfadh a mholadh gur leaca uaighe nó marcóirí do achair thalaimh a rialaigh clanna áirithe atá iontu. (Níl aon fhianaise sheandálaíochta, áfach, gur leaca uaighe iad na clocha Oghaim).

Thiocfadh leis na páistí a n-ainmneacha féin a scríobh ansin leis an Oghamchraobh.

Thiocfadh leo craobh ghinealaigh bhunúsach a chruthú dá muintir agus ainmneacha Oghaim a úsáid dá ndaoine muinteartha.


Mar obair bhreise thiocfadh leo cóid agus teachtaireachtaí a chruthú a bheadh le haistriú ag páistí eile.

Thiocfadh leo na ceannlínte ón ghníomhaíocht ceannlínte a aistriú go hOgham.

Thiocfadh logainmneacha na háite a aistriú fosta agus comharthaí bóthair a chruthú san Ogham.

Mar obair bhreise thiocfadh leis na páistí cré a úsáid lena gcloch Oghaim féin a chruthú agus a gcuid ainmneacha féin inscríofa uirthi.

Thángthas ar an phíosa seo thíos i leabhar páiste Ceilteach, an bhfuil tú abálta é a aistriú.



Tá Oghám i bhfolach i lógó an Gael-Trail, an dtuigeann tú e?

Teacht Naomh Pádraig agus na Críostaíochta



EOLAS DON MHÚINTEOIR

Nuair a tháinig Pádraig go hÉirinn, thart faoin bhliain 432 a deirtear, thug sé leis an Chríostaíocht agus an Laidin, teanga na hEaglaise.

Tosaíodh ar úsáid na haibítire Rómhánaí leis an Ghaeilge a scríobh síos.

Is ann do chuid mhór focal Gaeilge ón am sin, atá aistriútha go Béarla ó shin, a bhaineann le cúrsaí creidimh go háirithe. Is ón tréimhse seo a tháinig na lámhscríbhinní luatha ina bhfuil na taifid is luaithe den Ghaeilge... scríobhadh na manaigh nótaí beaga agus scríobhadh siad dánta beaga i nGaeilge ar thaobh na lámhscríbhinní Laidine. Tá na samplaí is cáiliúla a chruthaigh na manaigh seo le feiceáil go fóill inniu, samplaí ar a n-áirítear Leabhar Cheanannais agus Leabhar Laighean.

GNÍOMHAÍOCHT A SÉ - SAMHLAIGH É

Mar réamhobair don ghníomhaíocht seo ba chóir do na páistí dul siar ar a bhfuil foghlamtha acu faoi Naomh Pádraig agus faoin dóigh ar tháinig sé go hÉirinn.

Ba chóir don mhúinteoir giotáí gearra téacs a thabhairt do na páistí ina ndéantar cur síos ar lonnaíochtaí manachúla le gur féidir leis na páistí a fháil amach cén chuma a bhí orthu.

Thiocfadh íomhánna a thabhairt dóibh fosta ina bhfuil fianaise sheandálaíochta ó láithreacha manachúla luatha.

Ba chóir go mbeadh am ag na páistí nótaí a bhreacadh síos ón téacs ar mhaithe le eolas a chruinniú faoin chuma a bhí ar na lonnaíochtaí seo. Ansin ba chóir don mhúinteoir ligean do na páistí, ina n-aonar nó i mbeirteanna nó i ngrúpaí, pictiúr a chruthú leis an tuiscint atá acu ar an chuma a bheadh ar lonnaíocht mhanachúil.

Dá mba ghá, thiocfadh leis an mhúinteoir íomhá amháin a thabhairt dóibh le tús a chur lena bpictiúr. Thiocfadh í seo a chur ar bhileog mhór agus an chuid eile den lonnaíocht a tharraingt timpeall uirthi. Nuair a bheadh sé sin déanta, thiocfadh leis na páistí a gcuid oibre a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le híomhánna d'fhíorlonnaíochtaí manachúla.

Thiocfadh samplaí de lonnaíochtaí manachúla sa cheantar a aimsiú agus léarscáil a chruthú de Thuaisceart Éireann nó d'Éirinn leis na háiteanna ar lonnaigh cuid de na Luath-Chrístaithe.



Deiseanna leis an Ghaeilge a úsáid

Thiocfadh na híomhánna a chruthaíonn na páistí a lipéadú leis na focail Ghaeilge a tháinig isteach sa teanga ag an am seo agus atá léirithe ar an tábla.

Mar shampla:

- Eaglais- Church
- Reilig- Cemetery
- Sagart- Priest

GNÍOMHAÍOCHT A SEACHT - EALAÍN CHEILTEACH

Samplaí iontacha de na soiscéil dhatmhaisithe arna gcruthú ag na manaigh luath Chríostaí is ea Leabhar Cheanannais agus Leabhar Laighean.

Samplaí den Ealaín Cheilteach is ea iad.

Ba chóir go mbeadh am ag na páistí foghlaim faoi na leabhair seo agus taighde a dhéanamh orthu. Cé gur scríobhadh sa Laidin iad, tá nótaí i nGaeilge scríofa ar an taobh i gcuid de na lámhscríbhinní. Ba chóir don mhúinteoir fiafraí de na páistí an bhfaca siad saothar dearthóirí Ceilteacha ar díol aon áit; le linn turas lae nó ar saoire. Ba chóir na háiteanna seo a phlé. Ba chóir don mhúinteoir íomhánna samplacha d'earraí Ceilteacha nó pátrúin agus dearáí



Check the resource link online.

Ceilteacha a thabhairt do na páistí mar spreagadh don chéad chuid eile den ghníomhaíocht, nuair a chuirfead leis an obair ealaíne.

Ba chóir go ligfí do na páistí pictiúr, dearadh, mionsamhail chré, tíl

phéinteáilte nó macasamhail ar fhabraic a chruthú de dhearaí agus de phátrúin Ceilteacha. Ba chóir iad seo uilig a léiriú mar aon le tíleanna le taispeáint cá háit ar féidir na hearraí seo a cheannach. Ba chóir go mbeadh orthu seo:

Éire, Albain, Oileáin na hAlban, an Bhreatain Bheag, Oileán Mhanann, an Bhriotáin, Corn na Breataine, Tuaisceart na Spáinne agus réigiúin eile atá deimhnithe ag taighde.



Gníomhaíocht Iomlánach

Le deireadh a chur leis an fhoghlaim agus le cuid den eolas a bhailigh na daltaí ó a thaiféad agus a thaispeáint, thiocfadh deireadh a chur leis an cheacht tríd bhórd Twitter. Thiocfadh leis an mhúinteoir 'bórd Twitter' a chruthú sa seomra ranga nó úsáid a bhaint as taispeántas traidisiúnta balla nó as clár idirghníomhach. Thiocfadh am a thabhairt do na páistí lena gcuid tvuíteanna a scríobh suas. Thiocfadh leo ceisteanna a scríobh maidir le saol na mainistreacha nó na manach, nó thiocfadh leo an fhoghlaim nua ón ghníomhaíocht a chur i bhfocail. Thiocfadh an ghníomhaíocht a shíniú amach tríd a fhriafraí de na páistí cad é a thvuíteálfadh siad do na manaigh dá dtiocfadh leo.

GNÍOMHAÍOCHT A HOCHT - TÁ AIBÍTIR NUA AGAINN

An Aibítir Uingeach agus an Cló Gaelach

Ba chóir am a thabhairt do na páistí an cló Gaelach a chóipeáil agus a scríobh amach. Thiocfadh leo na cóid agus na teachtaireachtaí a bheadh scríofa acu san Ogham ní ba luaithe a aistriú go dtí an

Aibítir Uingeach. Thiocfadh leo plaiseanna ainm nó comharthaí scoile a dhearadh leis an aibítir. Thiocfadh leo an aibítir a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht leis an aibítir atá againn inniu agus cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a thaifeadadh.

a b c d e f g h i
 j k l m n o p q r
 s t u v w x y z
 A B C D E F G H
 I J K L M N O P
 Q R S T U V W
 X Y Z

Book of Kells types style

a b c d e f
 g h i j k l m
 n o p q r s t
 u v w x y z

Unical alphabet.



These script styles were hand written and therefore were variable in style. The people who created them were likely monks called scribes who were highly educated compared to the general population of that time. The purpose of their work was to create books like the **Book of Kells** to help promote Christianity throughout Ireland. Search online for more information on the Book of Kells and Uncial Script.



GNÍOMHAÍOCHT A NAOI- AMLÍNE TAISTEALAITHE



1200BC	Teacht na gCeilteach agus a dteanga go hÉirinn.	Tagann na hAngla Normannaigh go hÉirinn agus tagann focail iasachta isteach sa Ghaeilge óna dteangacha, Béarla agus Francis.	An chuid dheireanach den 12ú hAois
300 to 432AD	Dátaí d'Inscribhinní Oghaim arb iad an t aon scríbhinní den tréimhse go bhfios dúinn. Thig linn an Ghaeilge a rianú siar go dtí an t am seo.	Bunaítear na Scoileanna Náisiúnta. Is é an Béarla a úsáidtear mar phríomhtheanga sna scoileanna seo. Cuireann sé seo le meath na Gaeilge.	An 17ú hAois
432AD	Teacht Naomh Pádraig agus na Críostaíochta. Tús le scríobh na Laidine. Tagann focail iasachta ón Laidin isteach sa Ghaeilge.	An Gorta Mór Leatar daonra na hÉireann mar gheall ar bhás agus ar imirce. Cainteoirí Gaeilge ba ea an chuid is mó díobh seo.	1831
500AD	Teacht Naomh Pádraig agus na Críostaíochta. Tús le scríobh na Laidine. Tagann focail iasachta ón Laidin isteach sa Ghaeilge.	An Gorta Mór Leatar daonra na hÉireann mar gheall ar bhás agus ar imirce. Cainteoirí Gaeilge ba ea an chuid is mó díobh seo.	1845
550AD (circa)	Tagann an Ghaeilge go hOileán Í le misean Cholm Cille.	Faoin chuid luath den 20ú hAois níorbh í an Ghaeilge teanga oifigiúil na hÉireann agus bhí an Béarla i réim.	
790s	Tagann na Lochlannaigh go hÉirinn. Cé gur lonnaigh siad anseo, ní raibh mórán tionchair ag a dteanga ar an Ghaeilge seachas roinnt logainmneacha.		
825AD	Tháinig roinnt ainmneacha Lochlannacha isteach sa Ghaeilge, ainmneacha a bhaineann le hearraí a dhíol nó leis an mhuir is mó.		
843AD	Tagann na Cruithnigh agus cainteoirí Albanacha Gaeilge le chéile agus tugtar Scotti orthu san áit a dtugann muid Albain uirthi inniu.		
1014AD (11th CENTURY)	Cloíonn Brian Bóramha na Lochlannaigh ag Cath Chluain Tarbh. Tá an lucht labhartha Gaeilge neamhspleách.		

Cuirfidh na páistí deireadh leis an Aonad seo le gníomhaíocht sórtála amlíne ar mhaithe leis an fhoghlaim faoin luath Ghaeilge a dhaingniú. Tá an t eolas curtha ar fáil agus thig le múinteoirí é a fhótachóipeáil, a ghearradh amach agus a thabhairt do na páistí agus thig leo an ghníomhaíocht a dhéanamh i ngrúpaí, i mbeirteanna nó ina n aonar.

Nóta: déanfar tuilleadh oibre níos moille san Aonad Téamach ar thionchar na nAngla Normannach agus

na Lochlannach ar an Ghaeilge. Don am i láthair, tá a dtionchar luaithe san Amlíne. Le críoche na gníomhaíochta seo ba chóir don mhúinteoir a mhíniú do na páistí maidir le hionróirí a thagann go dtí tír, gur féidir lena gcuid focal nó lena dteanga teacht isteach i dteanga na háite ar a ndéanann siad ionradh. Ba amhlaidh a bhí sé leis an Ghaeilge, agus tá "focail iasachta" againn ó theanga na n ionróirí ar nós na Lochlannach nó na nAngla Normannach.

RÉAMHGHNÍOMHAÍOCHT THEIMPLÉADACH

An Ghaeilge



Cé na rudaí eile a chuireann an Ghaeilge i gcuimhne duit anois?

AONAD A DÓ AN GHAeilGE AG GLUaiseacht!



AN CHRÍOSTAÍocht AGUS LEATHNÚ NA GAEILGE

CUSPÓIRÍ FOGHLAMA MOLTA:

Bainfidh na páistí an méid seo amach:

- Beidh a fhios acu gur leathnaíodh an Ghaeilge timpeall an domhain mar gheall ar leathnú na Críostaíochta
- Beidh a fhios acu gur leathnaíodh an Ghaeilge timpeall an domhain mar gheall ar imirce cainteoirí dúchais Gaeilge
- Tuigfidh siad na cúiseanna leis an imirce síos tríd na blianta
- Beidh siad ábalta fianaise a aithint le tacú le fíricí agus le hargóintí stairiúla
- Tuigfidh siad an dóigh ar féidir teanga a úsáid mar fhoinsé stairiúil
- Úsáidfidh siad léarscáileanna le háiteanna a aimsiú agus aistir a rianú
- Beidh siad ábalta a gcuid taighde féin agus a gcuid íomhánna féin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le foinsí stairiúla
- Tuigfidh siad an dóigh ar féidir tátail agus conclúidí a bhaint d'fhianaise
- Tuigfidh siad an dóigh ar féidir le cultúir, teangacha agus oidhreacht éifeacht a bheith acu ar tíortha eile
- Úsáidfidh siad TFC lena gcuid foghlama a léiriú agus le heolas a chur i láthair
- Beidh a fhios acu cé na tíortha a ndeachaigh cainteoirí Gaeilge ar imirce chucu
- Beidh siad ábalta cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir cultúir a aithint

Eochaircheisteanna

- Cé a chuidigh le leathnú na Gaeilge timpeall an domhain?
- Cén dóigh agus cad chuige ar thaisteal cainteoirí Gaeilge as Éirinn?
- Cén dóigh a raibh éifeacht ag imeachtaí ar nós an Ghorta Mhóir ar an Ghaeilge?
- Cad é mar a d'éirigh le himircigh as Éirinn timpeall an domhain?
- Cá háit ar domhan a bhfuil sliocht cainteoirí Gaeilge inniu?
- Cá háit ar domhan a bhfuil tionchar na Gaeilge le feiceáil inniu?

San aonad seo:

San Aonad seo foghlaimoidh na páistí faoin Ghaeilge agus í tugtha timpeall an domhain ó Éirinn ag luath Chríostaithe ar nós Cholm Cille. Amharcaidh siad ar fhianaise stairiúil le díospóireacht a bheith acu agus lena gcomhairle féin a dhéanamh cé acu thug leitheidí Naomh Bréanann an Ghaeilge go Meiriceá nó nár thug. Feicfidh siad an dóigh ar thug cuid mhór imirceach an Ghaeilge leo agus go raibh tionchar acu ar theangacha, cultúir, stair agus saol náisiún eile le himeacht ama, agus go háirithe i gcás Stáit Aontaithe Mheiriceá.

AN FHOGLAIM CHEANGAILTE AGUS NAISC LE CURACLAM THUAISCEART ÉIREANN

WAU

- An dóigh a n idirghníomhaíonn siad féin agus daoine eile leis an domhan
- Idirspeáchas daoine agus timpeallacht agus an dóigh ar cuireadh luas faoi seo le himeacht ama mar gheall ar dhul chun cinn i gcúrsaí iompair agus cumarsáide
- An tionchar atá ag an áit ar nádúr an tsaoil
- An t-athrú ar áiteanna le himeacht ama
- Éifeachtaí dearfacha agus diúltacha a bhíonn ag eachtraí nádúrtha agus eachtraí an duine ar áit le himeacht ama
- An fáth a mbíonn éifeacht acu ar ghluaiseacht daoine agus ainmhithe
- Iarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bhaineann le gluaiseacht agus an éifeacht atá aici seo ar dhaoine, áiteanna agus idirspeáchas
- An dóigh ar gné den domhan daonna agus nádúrtha iad athruithe agus an dógh a mbíonn iarmhairtí acu maidir lenár saol agus leis an domhan thart orainn

PDMU

- Luach a chur ar an difríocht agus an éagsúlacht chultúrtha agus iad sin a cheiliúradh
- Caidreamh comhshásúil a thosú, a fhorbairt agus a choinneáil

Na Dána

Ealaín agus Dearadh

- Amharc ar shaothar ealaíontóirí, dearthóirí agus ceardaithe óna gcultúr féin agus ó chultúir eile agus labhairt fúthu sin; léirthuisicint ar mhodhanna a úsáidtear sna hábhair acmhainne agus an léirthuisicint seo a úsáid le smaointe pearsanta a spreagadh agus plé le déanamh feasach ealaíne

- Forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar na heilimintí amhairc - dathanna, ton, cruth, foirm, spás, uigeacht agus patrún - lena gcuid smaointe a chur in iúl
- Úsáid a bhaint as réimse meán, uirlisí agus próiseas ar nós: tarraingt, péinteáil, déanamh priontaí, ábhair shomhúnlaithe, teicstílí agus déanamh 3T, agus an ceann is fóirsteanáí a roghnú le smaointe agus le cuspóirí pearsanta a réadú.

Drámaíocht

- Forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar an domhan trí réimse rólimirtí cruthaitheacha agus samhlaíocha
- Réimse straitéisí drámaíochta a fhorbairt, ar a n áirítear fráma reoite, tableau agus diancheistiú.

Ceol

- Éisteacht le ceol a rinne siad féin agus daoine eile, agus freagairt dá reir. Agus iad ag smaoinneamh ar, labhairt faoi agus ag plé na dtréithe éagsúla taobh istigh den cheol a chumann siad, a sheinneann siad nó a n éistean siad leis

NAOMH COLM CILLE AGUS NA CRUITHNIGH



NAOMH COLM CILLE AGUS NA CRUITHNIGH



I lár na 6ú hAoise d'imigh Colm Cille ar a mhisean leis an Chríostaíocht a thabhairt do na Cruithnigh. Rinne sé Críostaithe de Chruithnigh Oileán Í agus bhunaigh sé lonnaíocht mhanachúil san oileán. Bhunaigh luath Chríostaithe na hÉireann lonnaíochtaí in Albain, ar n áirítear coilíneacht cainteoirí Gaeilge in Earragháidheal. Lean cainteoirí Gaeilge ar aghaidh ag coilíniú codanna d'Albain suas go dtí 843 AD nuair a chruthaigh na Cruithnigh agus na hAlbanaigh Aontas faoi dheireadh. Tugadh na Scotti ar na daoine seo. Sa 6ú hAois chloígh Rí Uladh Oileán Mhanann fosta.

Nasc chuig clár faisnéise BBC ar Cholm Cille

Le tuiscint a fháil ar an dóigh ar sheol manaigh luath Chríostaí as Éirinn agus ar thug siad an Ghaeilge leo, thiocthadh am a thabhairt do na páistí amharc ar an réimse leathan ábhair atá ann faoi shaol Cholm Cille. Mar shampla:

- Cláir faisnéise
- Suíomhanna Gréasáin
- Slí Cholm Cille

Agus cuid den ábhar seo in úsáid acu, thiocthadh leis na páistí script a scríobh do chlár faisnéise gairid faoin taisteal a rinne Cholm Cille Ina áit air sin, thiocthadh leis an mhúinteoir roinnt eolais faoi Cholm Cille a thabhairt dóibh agus thiocthadh leo comhad fíricí a chruthú. Ba chóir don mhúinteoir cuidiú leis na páistí a thuiscint gur leathnaíodh an Ghaeilge ar na hoileáin seo mar gheall ar leathnú na Críostaíochta.

GNÍOMHAÍOCHT A HAON - FAOI LÁNSEOL



Tá sé ráite le cuid mhór againn gur bh é Colambas an chéad duine a tháinig ar Mheiriceá cé go bhfuil fianaise ann go raibh na Lochlannaigh ann na céadta bliain sula raibh sé féin ann. Tá ann fosta don mhíotas gur thrasnáigh manaigh luath Chríostaí a raibh Gaeilge acu an tAtlantach agus gur bhain siad Meiriceá amach. Is iad an bheirt naomh is aitheanta ón tréimhse seo inar leathnaíodh an luath Eaglais Naomh Colm Cille agus Naomh Bréanann. (Thart faoin chéad chuid den 6ú hAois) Tugtar 'An Loingseoir' ar Bhréanann agus sheol sé ó oileán go hoileán leis an Chríostaíocht a thabhairt chuig na daoine a casadh air. Tá sé ráite go raibh aistear mór déanta aige ar feadh na mblianta fada, agus nuair a tháinig sé ar ais, bhí scéalta aige faoi áit an difriúil ar fad a bhí aimsithe aige. Chuaigh sé níos faide siar arís agus ní fhacthas go deo arís é. Síleadh nach raibh sa méid seo ar fad ach míotas. Ach ina dhiaidh sin tugadh rudaí áirithe faoi deara. Bhí treibh Mheir Indiach, i gceantair Shasana Nua agus na hAlban Nua i Meiriceá, ar a dtugtaí na hAlgancaigh orthu. Bhí neart páistí acu siúd a raibh dath níos gile ar a gcaiceann. Bhí líon mór páistí acu a raibh craiceann geal acu agus gruaig rua orthu. Ba é an rud ba shuntasá na cosúlachtaí idir cuid mhór focal Algancach agus focail Ghaeilge an ama sin (tús na 6ú hAoise) - teanga Bhréanainn. Ar éirigh leis an tAtlantach a thrasnú? Seo liosta de chuid de na cosúlachtaí idir focail Algancacha agus focail Ghaeilge aimsir Bhréanainn:

Algancais		Gaeilge Aimsir Bhréanainn		Algancais		Gaeilge Aimsir Bhréanainn	
Amoskeag (Abhainn)	Duine a thugann leis iasc beag	Ammo-iasgag	Small fish stream	Monad	Sliabh	Manadh	Sliabh
Cohas (Sruthán)	Crann giúise	Ghiuthas [pronounced the same as Cohas]	Pine tree	Munt (people)	Daoine (Bundúchasaigh)	Muintear	Daoine
Merrimack (Abhainn)	Iacaireacht dhomain	Mor-riomach	Great depth	Nock	Iarmhír le feiceáil in ainmneacha cnoc agus sliabh	Cnoc	Cnoc



Ba chóir don mhúinteoir scéal Bhréanainn a athinsint do na páistí. Ba chóir do na páistí agus don mhúinteoir 5 eochaircheist a chumadh faoi Bhréanann. Thiocfadh leis na ceisteanna seo a bheith ann:

- Cá huair a mhair sé?
- Cá háit a ndeachaigh sé?
- Cén chuma a bhí ar a bhád?
- Cé a sheol in éineacht leis?
- Cár sheol sé, dar linn?
- Cad é an fhianaise atá ann dá chuid aistear?

Thiocfadh na páistí a roinnt ina ngrúpaí ansin le heolas tábhachtach a fháil agus freagraí a thabhairt ar na ceisteanna faoi Bhréanann. Is é cuspóir na gníomhaíochta seo **Clár Fianaise** a chruthú faoi Bhréanann agus faoina chuid aistear. Thiocfadh iarraidh ar na páistí a gcuid taighde ar Bhréanann a léiriú trí íomhánna a íoslódáil nó a gcuid íomhánna féin a tharraingt.

Thiocfadh na heochaircheisteanna a thaispeáint ar an Chlár Fianaise, agus Thiocfadh freagraí gairide, léaráidí, giotáí fianaise a fuarthas a phostáil ar an chlár. Thiocfadh leis na páistí na cosúlachtaí idir Algancach agus Gaeilge a léamh agus a phlé. Thiocfadh leo a chinneadh gur fianaise é seo don chlár fosta.

Nuair a bhíonn a sáith fianaise bailithe acu, ba chóir dóibh machnamh agus plé a dhéanamh ar an cheist.

**** An síleann muid gur thaistil Bréanann go Meiriceá? ****

Agus an múinteoir á stiúradh, thiocfadh leis na páistí conclúid a bhaint as an fhianaise agus thiocfadh í seo a thaispeáint ar an Chlár Fianaise. Thiocfadh leis an rang aontú go bhfuil fianaise go leor ann gur éirigh le Bréanann agus a chuid manach nó cuid dá chuid manach teacht chomh

fada le Meiriceá. Nó thiocfadh leo easaontú leis seo nó thiocfadh leo a mheas gur neamhchonclúideach an fhianaise.

Gníomhaíochtaí Breise

Agus scagadh déanta ar an fhianaise faoi Bhréanann, thiocfadh leis na daltaí é seo a úsáid le tacú le seisiún diancheistithe le Bréanann. Thiocfadh leis na daltaí seaialócht a dhéanamh ar a chéile agus na róil éagsúla a ghlacadh: na hagallóirí, an naomh agus cuid dá mhanaigh.

Deiseanna an Ghaeilge a úsáid

Agus íomhánna de thírdhreach Mheiriceá Thuaidh á n úsáid acu, thiocfadh leis na páistí cur síos gairid a scríobh ar a gceantar dúchais agus iad ag ligean orthu gur as treibh Algancach iad. Ba chóir go mbeadh sa chur síos samplaí de na focail chosúla idir Algancach agus Gaeilge.

GNÍOMHAÍOCHT A DÓ – AR LORG BHREANDÁIN



Sa ghníomhaíocht seo

Sa ghníomhaíocht seo tá na páistí le saol ceathrar imirceach a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile, ar imircigh iad a raibh Gaeilge acu agus a d'fhág Éire i dtréimhsí éagsúla ó aimsir na luath Chríostaíochta go dtí an lá atá inniu ann.

The idea of the activity is that the children are given:

- An chumarsáid a chuir na himircigh abhaile nuair a shroich siad an áit nua
- Pictiúr den méid a chonaic siad nuair a bhain siad an áit amach
- Íomhá dá modh iompair

Imirceach 1 - Manach:

- Litir
- Íomhána de mheiriceá ar thuirlingt dó
- Íomhá de bhundúchasaigh mheiriceá
- Íomhána de sheanchurach agus de churach nua aimseartha

Imirceach 2 - Gorta:

- Litir
- Íomhána de mheiriceá/nua eabhrac in 1845-1855
- Íomhána den ghorta/de na longa báis

Ar dtús caithfidh na páistí an fhianaise seo a shórtáil agus ceathrar imirceach éagsúla a aithint. Mar sin ba chóir don mhúinteoir na hacmhainní a fhótachóipeáil, iad a mheascadh agus iad a thabhairt don rang le gur féidir leo iarracht a dhéanamh na himircigh a chur leis na hómhána cearta agus na giotáí cumarsáide cearta.

Ba chóir am a thabhairt dóibh leis an fhianaise atá tugtha dóibh a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Cuideoidh seo leo na cosúlachtaí agus éagosúlachtaí a aithint idir an saol a bhí ag na himircigh Éireannacha i gcaitheamh na mblianata agus ag tréimhsí tábhachtacha éagsúla.

Tá na hacmhainní curtha ar fáil don mhúinteoir.

Imirceach 3 - Marthanóir ón Titanic:

- Teileagram
- Íomhá den titanic
- Íomhá den carpathia/marthanóirí
- Íomhá de dhealbh na saoirse

Imirceach 4 - You:

- Téacs
- Ábhalscaird
- Spéirlíne nua eabhrac



Seo currach. Seans go ndeachaigh Bréanainn go Meirceá sa chinéal seo báid.



Bheadh na mánaigh i dteagmháil le Bundúchasaigh Mheiriceá.



IMIRCEACH 1 - MANACH



Insiönn an Br. Aloysius faoina thuras chiug domhan úr aisteach.



Bhíodh an cineál seo cointianta go leor le linn an Ocras Mhóir. Ba é seo an t-aon dóigh le maireachtáil beo ag mílte a chuaigh go Meiriceá.



Is minic a tugadh longa báis ar na longa seo, ó tharla gur turas uafásach a bhí ann agus gur éag cuid mhór roimh cheann scríbe.


Léiríonn litir abhaile ó imirceach an ocras mhóir an chontúirt a bhain leis an turas.

A Mháthair,

Tá mé tar éis Nua-Eabhrac a bhaint amach. Bhí an turas uafásach! Tá a fhios agam anois an fáth a dtugtar 'longa báis' ar na longa a thugann Éireannaigh go Meiriceá! Bhí an oiread sin tinnis agus báis; ní dóigh liom go mairfeá féin an turas! Bhí muid pulctha isteach ar nós ainmhithe. Ní raibh bia ar bith againn agus ní raibh mórán uisce againn. Mhair mise ar chúpla greim a bhí fágtha ón bheagán bia a thug tú dom. Ach anois agus mé anseo, níl aiféala ar bith orm faoi na 6 seachtaine uafásacha a chaith mé ag teacht anall. Ní bhfuair an fharráige ná an tinneas an lámh in uachtar orm, mar sin ní chloífeáir go deo mé. Gheobhaidh mé post agus cuirfidh mé airgead chugat le gur féidir leat teacht anseo nuair atá tú reidh don turas. Tá Nua-Eabhrac dochreidte! Tá sé chomh mór sin agus dubh le daoine a labhraíonn an oiread sin teangacha - ní chreidim é! Scríobhfaidh mé chugat a luaithe is a fhaighim áit chónaithe.

*Do mhac,
Micheál.*

IMIRCEACH 2 - GORTA



Marthanóirí ón Titanic ar an long a chuaigh i dtarháil orthu 'The Carpathia'



Headlines from the disaster in the New York Times



Spéirlíne Nua-Eabhraic

Taisteal an lae inniu

IMIRCEACH 4 - - YOU

GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ - LÍNE FIOSRÚCHÁIN D'IMIRCIGH

Agus an taighde déanta ag na páistí ar an imirce, ba chóir dóibh machnamh a dhéanamh ar an dóigh a mothódh sé teacht go tír nua agus teanga na tíre sin gan a bheith ar do thoil agat. Ba chóir dóibh na deacrachtaí a bheadh ag na daoine seo a phlé agus liosta a dhéanamh díobh. Thiocfadh leo liostaí focal agus nathanna úsáideacha a chruthú a bheadh ag teastáil ó na himircigh a chuaigh go tíortha a raibh Béarla iontu, tíorthaí ar nós Mheiriceá.

Deiseanna an Ghaeilge a úsáid

Thiocfadh an liosta fhocal agus nathanna úsáideacha a scríobh i nGaeilge agus an t aistriúchán Béarla a chur ar fáil mar threoir do na himircigh a labhair Gaeilge.

Extension Gníomhaíocht Bhreise

Thiocfadh leis na páistí ligean orthu gur imircigh iad nach bhfuil acu ach Gaeilge acu agus thiocfadh leo litir a scríobh chuig a muintir sa bhaile faoi na deacrachtaí a bhí acu ó thaobh na teanga de.

Thiocfadh focail Ghaeilge a úsáid mar a rinneadh i nGníomhaíocht na gCártaí Poist níos luaithe.

Le **PDMU** a fhorbairt, thiocfadh leis na páistí amharc ar na cosúlachtaí idir cás na n imirceach seo agus cás na bpáistí nua a thagann chuig ár scoileanna ó áiteanna éagsúla san Eoraip.

Thiocfadh leo agallamh a chur ar pháistí nuathagtha agus a fháil amach cén dóigh ar thaisteal siad óna dtír dhúchais agus céa na gnéithe ba dheacra a bhain le gan a bheith ábalta teanga na tíre nua a labhairt.

Gníomhaíocht - Cá háit ar domhan? (Gníomhaíocht Bhreise)

Ba chóir go dtabharfaí am do na páistí suirbhé nó ceistneoir a phleanáil, a thiocfadh leo a úsáid sa bhaile lena dteaghlach nó lena ngaolta eile le fáil amach an ndeachaigh aon duine dá muintir ar imirce agus, má chuaigh, cá háit a ndeachaigh siad. Thiocfadh na torthaí a léiriú trí ghraif ábhartha agus ar léarscáileanna den domhan.

Ba chóir don mhúinteoir an ráiteas seo a thabhairt do na páistí:

Inniu deir os cionn 70 milliún duine ar fud na cruinne gur shíolraigh siad ó shinsir Éireannacha.

Ba chóir don mhúinteoir an rang a stiúradh agus iad ag amharc ar fhianaise de nasc le Meiriceá, leis an Astráil agus le Sasana. Thiocfadh leis na páistí bunachar sonraí a chruthú ina mbeadh logainmneacha Gaelacha atá le feiceáil sna tíortha seo. Thiocfadh leo taighde a dhéanamh ar na sloinnte Gaelacha is coitianta sna tíortha seo. Thiocfadh leo blag a chruthú lena gcuid torthaí a chur ar fáil do dhaltaí eile.

Thiocfadh leo taighde a dhéanamh ar dhaoine cáiliúla de shíol Éireannach agus beathaisnéisí gearra a dhéanamh bunaithe ar shaol na ndaoine sin.


Daoine ar nós na nUachtarán Meiriceánach seo:

- Andrew Jackson
- Andrew Johnson
- Chester Alan Arthur
- Grover Cleveland
- William McKinley
- Theodore Roosevelt
- John Fitzgerald Kennedy
- Barack Obama

Nó aisteoirí cáiliúla:

- John Wayne
- Maureen O'Hara
- Liam Neeson
- Daniel Day Lewis
- Victoria Smurfit

AONAD 3



ROINNT CUSPÓIRÍ FOGHLAMA MOLTA

Bainfidh na páistí an méid seo amach

- Beidh a fhios acu cad é an dóigh a dtagann an chuid is mó dár logainmneacha ón Ghaeilge
- Beidh brí logainmneacha nó brí eilimintí de logainmneacha ar eolas acu
- Tuigfidh siad an dóigh a n-athraíonn logainmneacha le himeacht ama
- Beidh siad eolach ar an Ghaeilge mar chuid dár n-oidhreacht chomhroinnte
- Tuigfidh siad go labhraítear Gaeilge trí logainmneacha a úsáid
- Beidh roinnt ainmneacha coitianta Gaelacha ar eolas acu
- Beidh a fhios acu an dóigh a ndéantar sloinnte Gaelacha

Eochaircheistean

- Cén dóigh ar ainmníodh áiteanna i nGaeilge?
- An bhfuil logainmneacha Gaeilge ann go fóill?
- Cé na heilimintí de logainmneacha Gaeilge is féidir linn a aithint?
- Cad é is brí le logainmneacha Gaeilge nó le heilimintí de logainmneacha?
- Cén dóigh ar cruthaíodh sloinnte Gaelacha?
- Cé na sloinnte Gaelacha coitianta atá againn?
- Cad é an t ainm atá orm i nGaeilge?
- Cé na hainmneacha Gaelacha atá ar eolas againn?
- Cé na focail Ghaeilge a úsáideann muid cheana féin?

AN FHOGHLAIM CHEANGAILTE AGUS NAISC LE CURACLAM THUISCEART ÉIREANN

WAW

- An dóigh a n-idirghníomhaíonn siad agus daoine eile sa domhan
- An tionchar atá ag an áit ar nádúr an tsaoil
- Gnéithe d'áiteanna agus éagsúlacht in áiteanna, ar n-áirítear gnéithe fisiciúla, gnéithe daonna, fásra agus beatha ainmhíoch.
- Athruithe a thagann ar áiteanna le himeacht ama

PDMU

- Luach a chur ar an difríocht agus an éagsúlacht chultúrtha agus iad sin a cheiliúradh
- Caidreamh comhshásúil a thosú, a fhorbairt agus a choinneáil.

Na Dána

Ealaín agus Dearadh

- Ábhar acmhainne a bhailiú, a mheas agus a roghnú le húsáid i bhforbairt smaointe.
- Úsáid a bhaint as réimse meán, uirlisí agus próiseas... agus an ceann is fóirsteanáí a roghnú le smaointe agus cuspóirí pearsanta a réadú.

Drámaíocht

- Forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar an domhan trí réimse rólímirtí cruthaitheacha agus samhlaíocha
- Réimse straitéisí drámaíochta a fhorbairt, ar a n-áirítear fráma reoite, tableau agus diancheistiú.

Ceol

- Éisteacht le ceol a rinne siad féin agus daoine eile, agus freagairt dá reir. Agus iad ag smaoineamh ar, labhairt faoi agus ag plé na dtréithe éagsúla taobh istigh den cheol a chumann siad, a sheinneann siad nó a n-éistean siad leis

San aonad seo

Spreagtar iad fosta na Scileanna Bunchuraclaim, Cumarsáid agus Úsáid TFC a fhorbairt mar aon leis na Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta.



Is ón Ghaeilge a thagann an chuid is mó de na logainmneacha a úsáideann muid gach lá. D'ainneoin mheath na Gaeilge, mhair na hainmneacha seo mar gurbhunchuid iad den chóras riaracháin faoinar rialaíodh Éire, idir an Tuaisceart agus an Deisceart.

Le linn na 1830í rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis an chéad suirbhé iomlán de bhailte fearainn na hÉireann. Shiúil fear darbh ainm Seán Ó Donnabháin ar fud na hÉireann agus bhailigh sé ainmneacha bailte fearainn agus logainmneacha eile. Bhailigh sé na mílte logainmneacha agus chaighdeánaigh sé litriú Béarla na n ainmneacha seo. Is ainmneacha iad seo a úsáidtear go fóill inniu.

Roimh aimsir Uí Dhonnabháin ba é Tíreolas na hÉireann de chuid Tholamaes an liosta ba luaithe d'ainmneacha Éireannacha ón 2ú hAois AD. Bhí ainmneacha áirithe treibheanna agus aibhneacha ann. An Bhanna agus an Bhóinn atá ar dhá abhainn ársa, agus síleadh gur ainmníodh iad i ndiaidh bandia phágánaigh.

Tagann 'an Bhanna' ón fhocal 'bandia'

Tagann 'an Bhóinn' ó na focail 'bó fhionn'

I ndiaidh theacht na Críostaíochta go hÉirinn ceapadh ainmneacha nua ón Laidin, go háirithe do láithreacha eaglasta. Focal an choitianta atá i "Cill" ón fhocal Laidine, "cella", a raibh an bhrí "séipéal", "mainistir" nó "reilig" leis.

Mar shampla, tagann an t ainm "Shankill" i mBéal Feirste ó "Seanchill" na Gaeilge (a chiallaíonn seanséipéal). Is iomaí logainm fosta a thagann ó áiteanna cosanta ar nós rátha. Is samplaí d'ainmneacha a thagann ó na

'Shankill' - Seanchill - chiallaíonn Old Church

ráthanna seo iad ráth, lios, dún, cathair agus caiseal. Tá "Lios" coitianta i gcodanna de Chúige Uladh, mar shampla:

'Lios na Sceiche' - lios in aice le sceach

'Lios Béal Átha' - lios ag béal átha

D'fhág na Lochlannaigh a lorg ar logainmneacha na hÉireann fosta, go háirithe ar chósta thoir an oileáin.

'Strangford' fjord a bhfuil feachtaí láidre ann

'Carlingford' fjord a bhfuil cruth caillí air

Is é 'Baile' an téarma is coitianta a thagann ó lonnaíochtaí Éireannacha, agus cuireadh 'Bally' i mBéarla air. Síltear gur tosaíodh ag baint úsáid as seo tar éis an 12ú hAois nuair a thosaigh na hAngla Normannaigh ag dul i bhfeidhm ar an Ghaeilge.

Tá logainmneacha iontacha mórthimpeall orainn, agus iad lán le stair, brí agus ábharthacht. B'fhéidir gur mhaith leis an mhúinteoir cuid den eolas seo a roinnt leis na páistí.

An Baile Meánach an baile sa lár

GNÍOMHAÍOCHT A HAON - CAD IS AINM ANN? - ÁIT

Is é cuspóir na gníomhaíochta seo go bhfeicfidh na páistí líon na gcomhghnéithe atá inár gcuid logainmneacha agus go bhfeicfidh siad gur ón Ghaeilge a thagann siad seo uilig.

Ba chóir don mhúinteoir léarscáileanna agus atlas a bhfuil logainmneacha Thuaisceart Éireann orthu a thabhairt do na páistí. Ba chóir am a thabhairt do na páistí oibriú i ngrúpaí le hainmneacha a bhfuil comhghnéithe iontu a aimsiú. Mar shampla:

Baile - Baile an Chaistil, An Baile Meánach, Baile Monaidh Dún - Dún Geimhin, Dún Geanainn, Dún Lathaí

Nó ina áit sin sin, thioctadh leis na páistí bileog bhailithe sonraí a chruthú agus eilimintí de logainmneacha a thaifeadh. Mar shampla: **Dún, Baile, Cill, Cnoc, Port, Ard.**

Agus taifead déanta ag na páistí de na logainmneacha seo, ba chóir dóibh táblaí nó graif a chruthú lena gcuid torthaí a léiriú. Le cur leis an ghníomhaíocht thioctadh leis an mhúinteoir léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis a úsáid nó iarraidh ar na páistí suirbhé a dhéanamh sa bhaile le hainmneacha bailte fearainn nó sráidainmneacha áitiúla a bhfuil na heilimintí seo iontu a fháil. Arís thioctadh torthaí an bhailithe sonraí seo a léiriú ar ghraf.

Ansin ba chóir don mhúinteoir an bhileog de logainmneacha aistrithe a thabhairt do na páistí agus ba chóir go mbeadh deis ag na páistí a rá cá mhéad ainm ar bhailte, aibhneacha, lochanna nó bailte fearainn is féidir leo a aithint mar ainmneacha a bhfuil bunús acu sa Ghaeilge. Ba chóir dóibh iarraidh a dhéanamh na leaganacha Béarlaithe a aistriú ar ais go Gaeilge nó, ina áit sin, bríonna bailte, aibhneacha, lochanna nó bailte fearainn a mhíniú leis an bhileog aistriúcháin. Thioctadh leis na páistí léarscáileanna d'Éirinn nó de Thuaisceart Éireann a tharraingt nó léarscáileanna áitiúla a dhéanamh agus na hainmneacha aistrithe a scríobh orthu.

I mbailte móra thioctadh leis na páistí amharc ar shráidainmneacha le heilimintí d'ainmneacha Gaeilge a aithint, nó le hainmneacha a ainmníodh as áiteanna

eile a bhfuil ainmneacha Gaeilge orthu a aimsiú. Thioctadh amharc ar ainmneacha Dúichí i gcathracha ar an dóigh chéanna. (Nó thioctadh leo sean Eolairí Sráideanna a úsáid).

Thioctadh leis na páistí áiteanna a bhfuil cur amach acu orthu a roghnú, sráideanna, bailte, áiteanna áilleachta nádúrtha, páirceanna nó ionaid shiopaóireachta sa cheantar mar shampla. Thioctadh leo na hainmneacha seo a athainmniú de réir na bileoige aistriúcháin. Thioctadh leo a gcuid ainmneacha féin a chumadh do na háiteanna seo agus iad a aistriú go Gaeilge.

Úsáideann go leor filí Éireannacha logainmneacha agus ainmneacha bailte fearainn ina gcuid saothar go minic, Pádraig Caomhánach mar shampla. Thioctadh leis na páistí na logainmneacha agus ainmneacha na mbailte fearainn ina gceantair féin a úsáid le dánta a chumadh ina mbeadh an t ainm Gaeilge, brí an logainm agus leagan Béarlaithe an logainm. Thioctadh leo cur síos gairid a dhéanamh ar an suíomh geografach nó ar an tírdhreach sa dán fosta.

TRANSLATIONS OF PLACE NAMES	
Bally	Baile
Dun	Dún
Lis	Lios seanteach arsa taobh istigh de thallamh iata
More	Mór
Ard	Ard
Kill	Cill an garraí in aice eaglaise
Knock	Cnoc
Port	Port
Drum	Droim barr cnoic atá fada cúng
Carrick	Carraig
Magh	spás mór de thalamh mín ar bheagán crann
Cluan	Cluain píosa talaimh clúdaithe le féar

Gníomhaíocht Ealaíne agus Deartha

Thiocfadh leis na páistí pictiúir a tharraingt nó a phéinteáil de leaganacha aistrithe na logainmneacha.

Mar shampla:

An Charraig Mhór

Thiocfadh iad seo a úsáid le colláis de logainmneacha a dhéanamh nó le léarscáil bhalla mhór a mhaisiú. Thiocfadh leis na páistí ainm áite a tharraingt nó a phéinteáil agus Thiocfadh leis na páistí eile iarracht a dhéanamh oibriú amach cén áit a seasann an pictiúr do.

Tá tréan Cumann Stairiúil i dTuaisceart Éireann. Thiocfadh staraí áitiúil a thabhairt isteach sa scoil agus agallamh a chur air/uirthi le fáil amach faoi na hainmneacha san áit.

- Gnéithe Fisiciúla sa tírdhreach
- Ainmneacha plandaí nó crann
- Ainmneacha Ainmhithe
- Na focail “Mór” nó “Beag”
- Dathanna

Thiocfadh leis na páistí oibriú i ngrúpaí. Thiocfadh leis an mhúinteoir cóip den bhileog aistriúchán a thabhairt do gach grúpa; léiríonn sí seo líon na n ainmneacha a cumadh leis na heilimintí seo. Ba chóir go dtabharfaí bileoga móra páipéir agus díslle do gach grúpa fosta.

Ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste an díslle a chaitheamh. Agus an díslle caite, ba chóir don pháiste an uimhir a scríobh síos agus ansin an díslle a chaitheamh uair amháin eile agus an uimhir sin a scríobh síos. Ansin úsáidfí siad na huimhreacha atá breactha síos acu le Logainm nua samhailteach a chumadh.



Déntar seo ag baint úsáid as an fhoirmle seo:

- Má fhaigheann tú uimhir 1, pìoc ainm Duine mar chuid de do logainm.
- Má fhaigheann tú uimhir 2, pìoc Gné Fhisciúil mar chuid de do logainm.
- Má fhaigheann tú uimhir 3, pìoc ainm planda nó crainn mar chuid de do logainm.
- Má fhaigheann tú uimhir 4, pìoc ainmhí mar chuid de do logainm.
- Má fhaigheann tú uimhir 5, pìoc an focal “mór” nó “beag” mar chuid de do logainm.
- Má fhaigheann tú uimhir 6, pìoc dath mar chuid de do logainm.

Ba chóir am a thabhairt do na páistí le heilimintí a logainm a roghnú, agus ansin ba chóir dóibh an t ainm nua atá cumtha acu a scríobh síos ar an bhileog mhór. Agus é seo déanta uimhir áirithe uaireanta, ba chóir do na páistí a gcuid logainmneacha a roinnt leis an rang. Ansin thiocfadh leis na páistí eile logainmneacha an chluiche a aistriú.

Thiocfadh na hainmneacha a úsáid le léarscáileanna samhailteacha a chruthú le haghaidh ceantair a bhfuil Gaeilge á labhairt ann. Arís thiocfadh cuid de na gníomhaíochtaí a rinneadh ní ba luaithe a dhéanamh arís, na hainmneacha a tharraingt mar shampla.

GNÍOMHAÍOCHT A DÓ – CAD IS AINM ANN? – SLOINTE



The Irish were among ... Bhí na hÉireannaigh ar chuid de na chéad daoine san Eoraip a d'úsáid sloinnte oidhreachtúla. Ba ghnách do theaghlaigh ainm sinsir iomráitigh nó thábhachtaigh a úsáid ansin.

Réimireanna d'ainmneacha Gaelacha

- Ciallaíonn “Ó” garmhac le
- Ciallaíonn “Mac” mac le
- Ciallaíonn “Nic” agus “Ní” iníon le

Tuigtear “de shliocht” leis an dá cheann sa lá atá inniu ann. Tá Ó Néill, Ó Briain agus Ó Cléirigh ar chuid de na sloinnte oidhreachtúla is sine san Eoraip.

Is féidir líon mór leaganacha Béarla a bheith ag aon ainm Gaelach. Cruthaíodh na leaganacha seo trí aistriúcháin agus díorthuithe a rinneadh síod tríd na céadta. Thig leo a bheith an éagsúil leis an bhunainm Gaeilge.

Is iomaí sloinne i dTuaisceart Éireann a thagann ón Ghaeilge. Ó Ghaeilge na hÉireann a thagann cuid acu agus ó Ghaeilge na hAlban a thagann cuid eile, ag brath ar ár sinsir.

Ar dtús, ba chóir an deis a thabhairt do na páistí a n ainmneacha a aistriú go Gaeilge mura bhfuil aistriúchán a n ainmneacha ar eolas acu cheana féin. Chuideodh an suíomh Gréasáin seo leo www.ireland101.com

Ansin cruthóidh na páistí craobh ghinealaigh le dhá ghlúin nó trí ghlúin dá sinsir. Úsáidfí siad na réimireanna coitianta, Mac, Ó, Ní, Nic agus Uí le taispeáint cé atá ar a gcraobh acu. Cuirtear sampla ar fáil.

Is le cuidiú leis na páistí coincheap an ainmnithe oidhreachtúil a thuiscint a dhéantar é seo. Ba chóir do na páistí taighde a dhéanamh ar bhunús

a sloinnte trí úsáid a bhaint as suíomhanna Gréasáin ar nós www.ulsterancestry.com. (Níl sé seo i gcónaí indéanta, áfach).



Thiocfadh leis na páistí taighde a dhéanamh fosta ar shloinnte coitianta ina gceantar nó ina scoil. Thiocfadh leo suirbhé a dhéanamh le sonraí a bhailiú faoi shloinnte sa scoil agus na cúig chinn is coitianta a aimsiú. Thiocfadh leo seo a aistriú go Gaeilge agus taighde a dhéanamh le bunús na sloinnte seo a aimsiú. Nó ina áir sin, thiocfadh leis na páistí taighde a dhéanamh ar roinnt sloinnte coitianta ón Stair nó ón Bhéaloideas, Ó Néill, Ó Briain, Mac Domhnaill, Mac Uilín, mar shampla.

Thiocfadh lei fáil amach cá as ar tháinig an t ainm nó cá háit a bhfuil sé le fáil go coitianta. Thiocfadh taighde a dhéanamh le hainmneacha coitianta a aimsiú i ngach contae i dTuaisceart Éireann agus thiocfadh iad seo a léiriú ar léarscáil mar aon le haistriúcháin Ghaeilge agus bunús an ainm. Thiocfadh leis na páistí éisteacht le scéal Chú Chulainn agus fáil amach faoin dóigh a bhfuair sé a ainm. Ansin thiocfadh leo gearrscéal finscéalach a scríobh faoin dóigh a bhfuair siad a n ainm, nó ainm a chumadh agus finscéal gearr a scríobh faoin dóigh ar tugadh an t ainm sin orthu.

Le cur leis an ghníomhaíocht thiocfadh leis na páistí taighde a dhéanamh ar a suaitheantas clainne trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin ar nós www.allfamilycrests.com nó é a chuardach ar inneall cuardaigh. Thiocfadh leo leaganacha nua dá suaitheantas clainne a chruthú nó é a nuachóiriú. Thiocfadh na suaitheantais seo a léiriú mar aon lena n ainmneacha agus leis na haistriúcháin agus le haon taighde atá déanta acu orthu. Thiocfadh na suaitheantais a chruthú go digiteach, go traidisiúnta, nó go tríthoiseach le cré.

Opportunity ... Deiseanna an Ghaeilge a úsáid Thiocfadh leis na páistí an abairt “..... is ainm dom” a fhoghlaim as Gaeilge.

CRANN TEAGHLAIGH



Ó ainmneacha

Ó = Garmhac, nó sliocht sa lá inniu
 Uí = Bean chéile duine
 Ní = Níon duine

Mac ainmneacha

Mac = Mac
 Mhic = Bean chéile duine
 Nic = Níon duine

GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ - FIONN AGUS AN BÉALOIDEAS

ACMHAINN
AR LÍNE



Labhraíonn Paul Martin de chuid an BBC faoi Chlochán an Aifir agus an béaloideas a bhaineann leis ar an ghearrthóg seo YouTube.



Giant's Causeway, N. Ireland

<http://youtu.be/XTEBxxJ6MUw>

Ba chóir don mhúinteoir scéal faoi Fhionn Mac Cumhaill a fháil. Thiofadh leis na páistí taighde a dhéanamh ar Fhionn fosta. Tá cur síos mionsonraithe do na múinteoirí le fáil a **www.ballycastle.info/info/finnmaccool.htm**.

Thiofadh leis na páistí taighde a dhéanamh ar an dóigh a bhfuair Fionn a ainm agus thiofadh leo na háiteanna uilig a luaitear le Fionn a aimsiú ar léarscáileanna. Thiofadh leo aistriúcháin Ghaeilge a scríobh do na logainmneacha ábhartha nó taighde a dhéanamh ar a gcuid aistriúchán Gaeilge.

Seo cuid de na háiteanna a luaitear i scéal Fhinn:

- Clochán an Aifir
- Loch nEathach
- Oileán Mhanann
- Bun Abhann Dalla
- Gleannta Aontroma

Thiofadh leis na páistí cur leis an taighde seo trí amharc ar scéalta eile ón bhéaloideas ar nós:

- Oisín i dTír na nÓg
- Clann Lir

Thiofadh leis na páistí amharc ar thábhacht na n ainmneacha Gaelacha nó na logainmneacha sna scéalta seo. Thiofadh leo na háiteanna a aimsiú ar na léarscáileanna a bheadh cruthaithe acu cheana féin. Thiofadh leo iad a chur ar léarscáileanna a bheadh déanta acu cheana féin. Thiofadh leo an scéal faoin dóigh ar thóg Fionn Clochán an Aifir a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht leis an fhíormhíniú eolaíoch atá ar chruthú na gcolún basailt. Thiofadh leo a rá cad é an leagan is fearr leo.

Mar obair bhreise thiofadh leis na páistí na scéalta ón bhéaloideas a tharraingt nó a léiriú. Thiofadh leo sleamhnáin PowerPoint a dhéanamh leis na hainmneacha, na logainmneacha agus na heilimintí eile den Ghaeilge a fuair siad sna scéalta a léiriú. Thiofadh leo tarraingtí nó léaráidí a úsáid le gearrthóga gairide beochana a dhéanamh de na scéalta béaloidis.


GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR - ROIMHE AGUS INA DHIAIDH

Gníomhaíocht PDMU atá anseo agus ba chóir go gcuideofaí leis na páistí i rith ama a machnamh a dhéanamh agus labhairt faoin bharúil a bhí acu i leith na Gaeilge agus ar aon athrú atá tagtha ar an bharúil sin tar éis na hoibre atá déanta acu.

Thig leis an mhúinteoir an plé seo a stiúradh ar bhonn uile ranga nó thiocfadh leis na páistí oibriú ina n aonar nó i ngrúpaí ag brath ar cé acu is oiriúnaí.

Ba chóir go mbeadh deis ag na páistí a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl le fáil amach an bhfuil a gcuid barúlacha athraithe leis an obair atá déanta acu go dtí seo. Thiocfadh leis an mhúinteoir cuidiú leis na páistí a thuiscint gur cuid dár n oidhreacht, dár stair, agus dár mbéaloideas comhroinnte í an Ghaeilge agus nach siombail pholaitiúil nó sheicteach í.

Leis seo a shíniú amach agus a fhorbairt, agus sin a dhéanamh sna pobail a mbaineann sé leo, thiocfadh leis na páistí amharc ar an éagsúlacht teangacha atá á labhairt sa scoil agus ina gceantar ag teaghlaigh nuathagtha. Thiocfadh leo liosta a dhéanamh de na teangacha uilig atá á labhairt anois i dTuaisceart Éireann agus plé a dhéanamh ar an éifeacht atá ag páistí nuathagtha ar ár scoileanna agus ar ár bpobail.



GNÍOMHAÍOCHT A CÚIG - CAD É EILE A CHOMHROINNEANN MUID?



Sa ghníomhaíocht seo ba chóir cuidiú leis na páistí a thuiscint gur codanna dár gcuid cultúr iad teangacha, ceol, damhsa, béaloideas, litríocht agus tuilleadh nach iad. Thiocfadh leo eolas a fháil faoi cheann nó dhó d'uirlisí ceoil a úsáidtear sa dá phobal agus ar samplaí iad dár n oidhreacht chomhroinnte.

Mar shampla, thiocfadh leo foghlaim fá dtaobh de na huirlisí seo:

- an Bodhrán
- Drumaí Lann Bheag
- an Fhidil
- an Bosca Ceoil
- an Phíb Mhála

Thiocfadh leo agallamh a chur ar dhaoine muinteartha níos sine faoi na damhsaí a dhéanadh siad nó faoi na hallaí rince a dtéadh siad chucu. Thiocfadh leo giotaí gairide de rince Éireannach nó de rince Albanach nó giota beag den dá chineál rince a fhoghlaim. Thiocfadh leo labhairt le páistí nuathagtha faoi na damhsaí nó na huirlisí de chuid a gcultúr agus giotaí gairide nó céimeanna a fhoghlaim uathu seo. Thiocfadh leo éisteacht le ceol ón dá phobal, agus uirlisí ar fhoghlaim siad fá dtaobh dóibh a aithint.



Moltaí do Ghníomhaíochtaí Athbhreithnithe ag Deireadh

Le dul siar ar obair an Aonaid seo cruthóidh na páistí Bís Ealaíne. Is féidir é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht aonair le bileog A3 nó mar ghníomhaíocht ghrúpa ar bhileog A1 nó A2. Ba chóir don mhúinteoir bís mhór theimpléadach a tharraingt ar an pháipéar. Ansin ba chóir do na páistí scríobh agus tarraingt ar an bhís lena gcuid foghlama uilig go dtí seo a léiriú.

Mar shampla, thiocfadh leo Ogham nó an aibítir uingeach a úsáid le ceannlínte de dhátaí agus d'eachtraí tábhachtacha maidir le bunús agus leathnú na Gaeilge a scríobh.

Thiocfadh leo an bhís a mhaisiú le tarraingtí agus le dearáí Ceilteacha. Thiocfadh leo pictiúir bheaga a tharraingt fosta maidir leis na manaigh agus na lonnaíochtaí manachúla. Agus an obair déanta thig leis an mhúinteoir nó leis na páistí gearradh timpeall

ar líne na bíse go dtí go n-osclaíonn sí. Is féidir na bíseanna a chrochadh suas le taifead d'fhoghlaim na bpáistí a thaispeáint.

Nó ina ait sin, ba chóir go mbeadh am ag na páistí, i ngrúpaí nó ina n-aonar, smaoineamh agus plé a dhéanamh ar a gcuid foghlama ón téama. Ba chóir dóibh machnamh a dhéanamh arís ar an fhocal "Ceilteach" agus labhairt fá dtaobh dó agus taifead a dhéanamh ar an bhrí atá aige anois dóibh.

Mar achoimre ar a gcuid foghlama uilig thiocfadh leo múrmhaisiú mór nó colláis a chruthú leis na heilimintí uilig atá foghlamtha acu faoin Ghaeilge a léiriú. Thiocfadh leo seo a chrochadh suas le go mbeadh páistí eile nó tuismitheoirí agus múinteoirí ábalta teacht isteach agus amharc air. Thiocfadh Lá Ceiliúrtha na gCeilteach a eagrú lena bhfoghlaim a thaispeáint.

supported by

